

"... Is údar náire dom scaití a bheith orm a admháil gur Eorpach, fear bán agus Críostaí mé. Mar gheall ar an "aimsíú" seo tá móraimh na ndaoine bochta, dearóil, brúite faoi chois, agus an chumhacht ar fad tógtha ag mionlach beag ..."

fear bán agus Críostaí mé. Mar gheall ar an "aimsíú" seo tá móraimh na ndaoine bochta, dearóil, brúite faoi chois, agus an chumhacht ar fad tógtha ag mionlach beag.

Faoi láthair sa mBreasail tagann duine suas i n-aghaidh an bhochtanaís de gach uile chineál, dúnmharú gasúir sráide, neamhlitricíocht, dícheann ar chuile leibhéal, truailliú rialtais, daoine dá ndíbirt amach dá gcuid talún. An té a sheasann suas i n-

aghaidh an chineál seo ruda, níl mórán compóird aige, nó go minic is gearr é a shaol.

An leanfaidh an cineál seo ruda ar aghaidh ar feadh 500 bliain eile, nó an bhfuil aon fhorás i ndán dúinn? Cé is cúis leis seo ar fad? Cá dtosódh muid? Tá faitíos orm gur mó ceisteannaí ná freagraí atá agam.

Siúl uait, a chomrádaí, troid go calma, cróga, cosain an chúis cibé áit ina bhfuil tú.

Wilson Coaches

Caisleán, Indreabhán 091-93322

Hireáil Príobháideach, Turasanna

Scoile, Bainiseachaí

14 - 53 suíocháin

Rátaí Maithe

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

AN POITÍN STIL

Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Ceol agus Craic!

Ola Mhac an Rí (King Oil)

*Guímid gach rath agus sonas ar
Phléaraca Chasamara*

Gach cineál Ola againn:

**AUTO DIESEL • GAS OIL •
KERESENE agus LUBRICANTS
ar phraghas réasúnta**

HOSES • GAUGES • FITTINGS srl

Aille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091-93210 Fax: 091-93210

Tabhair tacaíocht do do ghnó áitiúil

TIGH MHUIRÍ

Na hAille, Indreabhán Teil: 091-93386

**Ollmhargadh • Bláthanna • Diosal
Deisiú Boinn**

Páirteanna do Charranna

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca!

Tigh Chualáin

Coill Rua Teil: 091-83133

B & B

'Bíodh deoch agat ar do chompóird'

Thíos ar shochraíodh Dhiarmaidín Uí Shúilleabháin i gCúil Aodha a bhí go leor de phobal Éigse na hÉireann nuair a scaip an scéala go raibh Seán Chóilín Ó Conaire as Ros Muc, fonnadóir cáiliúil eile, caillte freisin. Níorbh ionann is bás anabái Dhiarmaidín, bhí a fhios ag cairde Sheáin Uí Chonaire go raibh sé in Ospidéal Naomh Breandán i mBaile Locha Riabhach le tamall roimhe sin agus bhí tamall caite roimhe sin arís aige i dTeach Banaltrais Pháirc Mheirlinne i nGaillimh, de bharr timpiste a bhain dó ar cheann de shráideanna na cathrach sin. D'fhág an timpiste céanna seachrán ar a chuimhne, rud a d'fhág an stór mór amhrán a bhí ina cheann aige, cé is móite den bheagán acu atá curtha ar bhuantaifead, ar throigh gan tuairisc. Ar an tríú lá de mhí na Nollag 1991 a bhásaigh sé agus na ceithre fichid beagnach slánaithe aige. Bhí sé ina bhaintreach ar dhá phósadh; aon iníon amháin a bhí aige leis an gcéad bhean agus tá sise pósta i Sasana le Búrcach as Co. Thiobrad Árann.

Ar an Turlach i Ros Muc a rugadh Seán in Eanáir na bliana 1913. Bhí a athair agus a mháthair "luchtaithe le hamhráin", mar a deireadh sé féin, agus cé go raibh fonnadóirí maithe go flúirseach ina thimpeall i Ros Muc deireadh sé go mba é Pateen Chóil Shíle Ó Fiannachta (duine den tseisear a bád go tubaisteach i Snámh Bó le linn a óige) an t-amhránaí ab fhearr dar chuala sé riamh. Chuaigh an chlann go Co. na Mí sna ceathrachadaí agus ba ansin a casadh a chéad bhean air - bean de chlainne 'ac Dhonncha as Doire



SEÁN CHÓILÍN Ó CONAIRE

(1913 - 1991)

Choill a raibh a muintir sise tar éis dul go Co. na Mí freisin. Nóra Nic Dhonncha a bhí uirthi, iníon le Neil Sheáin Terry agus le Cóil Choilm 'ac Dhonncha. Fuair sí bás go hóg, naoi mí tar éis an chéad pháiste.

Tar éis do Sheáin scaitheamh a chaitheamh sna saighdiúir ar an Roinn Mhór i nGaillimh bhíodh sé ag obair ag Teachta Dála i gCo. dar ainm dó Matt O'Reilly.

Chaith sé roinnt mhaith blianta i Sasana agus ansin tháinig sé go Baile Átha Cliath, áit ar phós sé baintreach

as Inse Chaor agus ar chaith sé cúig bhliana ag obair i ngrúdlann Guinness. Chaith sé tréimhse eile i Sasana níos deireanaí nó gur fhíll sé ar Éirinn go buan agus go ndeachaigh sé ag cónaí i nGaillimh, áit ar chaith sé an chuid eile dá shaol.

Ba fear é Seán Ó Conaire nár ghlac le máistir ná le máistreacht. Le hais cáil na n-amhránaíocht, b'í cáil na saoirse an cháil mhór eile a bhí air. B'é spiorad na saoirse ar a dhá chois é. Is dóigh gur ar an gclár 'AERIRIS' a bhíodh ag Proinsias Mac Aonghusa ar Raidió Éireann a chuir pobal na Gaeilge aithne air féin agus ar a chuid amhráin i dtús ama agus ansin ag comórtais sean-nóis an Oireachtais - áit ar ghnóthaigh sé duaiseanna móra, gan trácht ar éachtaí eile a bhí ina bhfinscéalta ar fud na tíre faoi lena linn féin. B'iad na hamhráin a shaol agus chaith sé a shaol ar fad á mbailiú agus á gcasadh. Is mór is fiú gur bhailligh Mícheál Ó Conghaile roinnt acu uaidh agus go bhfuil deich gcinn acu sin curtha amach aige ar chaiséad ó Chló Iar-Chonnachta. "Máire Mhór" an t-ainm atá ar an gcaiséad - ainm an amhráin a thug Seán féin ar ais ón mbás, d'fhéadfá a rá, nuair a tháinig Raidió na Gaeltachta ar an aer fiche bliain ó shin. Tá roinnt eile fós ar an gcaiséad Dé Danann. Rinne Maidhc P. Ó Conghaile clár breá teilifíse faoi Sheán agus tá roinnt eile déanta faoi, creidim, nár facthas fós.

"An té a mholas an éigse féach go maireann go deo".

- Liam Mac an Iomaire

Siopa Glasraí & Torthaí an Spidéil



Glasraí & Torthaí Úra Gach Lá
Fataí den Scoth

Dáiliúcháin Áitiúil in Aisce
Uibheacha • Beatha Sláintiúil
091-83369 MON - SAT 9.30 - 6PM

Éamonn Ó Fatharta

An Spidéal 091-83518

- Earraí Grósaera •
- Nuachtáin • Feoil • Gás •
- Beathú Ainmhí •